2026/2128

21.9.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/2128 ÓN gCOIMISIÚN

an 18 Meán Fómhair 2026

maidir le bláthola *citronella Cymbopogon nardus* (L.) Rendle a údarú mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le breiseáin a bhfuiltear lena n-úsáid i gcothú ainmhithe ([1]), agus go háirithe Airteagal 9(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 foráiltear maidir le húdarú breiseán a bhfuiltear lena n-úsáid i gcothú ainmhithe agus maidir leis na forais agus na nósanna imeachta chun údarú den sórt sin a dheonú. Le hAirteagal 10(2) den Rialachán sin foráiltear maidir le hathmheastóireacht a dhéanamh ar bhreiseáin a údaraíodh de bhun Threoir 70/524/CEE ón gComhairle ([2]).

(2) Rinneadh an tsubstaint bláthola *citronella* ó *Cymbopogon nardus* (L.) Rendle a údarú gan teorainn ama i gcomhréir le Treoir 70/524/CEE, mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch. Ina dhiaidh sin cuireadh an tsubstaint sin isteach i gClár na mBreiseán Beathaithe mar tháirge a bhí ann cheana, i gcomhréir le hAirteagal 10(1), pointe (b), de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003.

(3) I gcomhréir le hAirteagal 10(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 i gcomhar le hAirteagal 7 de, cuireadh isteach iarratas ar údarú bláthola *citronella* ó *Cymbopogon nardus* (L.) Rendle mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch, agus iarradh ann go n-aicmeofaí an breiseán sa chatagóir 'breiseáin chéadfacha' agus san fheidhmghrúpa 'comhdhúile blaistithe'. Bhí na sonraí agus na doiciméid a cheanglaítear faoi Airteagal 7(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ag gabháil leis an iarratas.

(4) D'iarr an t-iarratasóir go ndéanfaí an breiseán a údarú freisin lena úsáid in uisce óil. Mar sin féin, le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ní cheadaítear 'comhdhúile blaistithe' a údarú lena n-úsáid in uisce óil. Dá bhrí sin, níor cheart úsáid an bhreiseáin seo in uisce óil a cheadú.

(5) Tháinig an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') ar an gconclúid sa tuairim uaidh an 17 Aibreán 2024 ([3]) go meastar nach bhfuil aon ábhar imní sábháilteachta ag baint le bláthola *citronella* ó *Cymbopogon nardus* (L.) Rendle maidir le spriocainmhithe gearrshaolacha agus nach dócha go gcruthóidh sí éifeachtaí díobhálacha do spriocainmhithe fadsaolacha agus atáirgthe agus d'aon speiceas ainmhíoch eile ar uastiúchaintí áirithe a shonraítear a thuilleadh sa tuairim sin i ndáil le gach speiceas ainmhíoch. Thairis sin, tháinig sé ar an gconclúid nach mbeadh coinne le haon ábhar imní sábháilteachta do thomhaltóirí mar thoradh ar bhláthola *citronella* ó *Cymbopogon nardus* (L.) Rendle a úsáid go dtí an leibhéal úsáide ab airde atá beartaithe i mbeatha agus nach meastar go mbeidh a húsáid faoi na coinníollacha atá beartaithe ina riosca don chomhshaol. Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid gur cheart bláthola *citronella* ó *Cymbopogon nardus* (L.) Rendle a mheas mar ghreannaitheoir craicinn agus súl, agus mar íogróir deirmeach agus riospráide. Thug an tÚdarás le fios go bhféadfadh úsáideoirí neamhchosanta a bheith nochta do mheitileoigeanól agus an breiseán á láimhseáil agus, chun an riosca a laghdú, gur cheart nochtadh na n-úsáideoirí a íoslaghdú. Ina theannta sin, tháinig an tÚdarás ar an gconclúid, ós rud é go bhfuil bláthola *citronella* ó *Cymbopogon nardus* (L.) Rendle aitheanta mar bhlastán bia agus ós rud é go mbeadh an fheidhm chéanna aige i mbeatha, go bunúsach, agus atá aige i mbia, nach bhfuil gá le haon léiriú éifeachtúlachta breise. D'fhíoraigh sé freisin an tuarascáil ar an modh anailíse ar an mbreiseán beathaithe i mbeatha arna cur isteach ag an tSaotharlann Tagartha a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003.

([1]) IO L 268, 18.10.2003, lch. 29, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2003/1831/oj.
([2]) Treoir 70/524/CEE ón gComhairle an 23 Samhain 1970 maidir le breiseáin in ábhair bheatha (IO L 270, 14.12.1970, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/1970/524/oj).
([3]) *EFSA Journal* [Iris EFSA], 22(5), e8790. https://doi.org/10.2903/j.efsa.2024.8790.

(6) I bhfianaise an mhéid thuas, measann an Coimisiún go gcomhlíonann bláthola *citronella* ó *Cymbopogon nardus* (L.) Rendle na coinníollacha dá bhforáiltear in Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003. Dá réir sin, ba cheart úsáid na substainte sin a údarú mar a shonraítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo. Maidir le láithreacht meitileoigeanóil, substaint ar údar imní í agus a bhaineann leis an ngrúpa *p*-ailliolalcocsaibeinséiní, i mbláthola *citronella* ó *Cymbopogon nardus* (L.) Rendle, measann an Coimisiún gur gá uaschion a shocrú le haghaidh an bhreiseáin beathaithe sin in ábhar beatha iomlán. Thairis sin, maidir le húsáid chomhuaineach bláthola *citronella* ó *Cymbopogon nardus* (L.) Rendle le breiseáin bheathaithe eile, measann an Coimisiún go gceadaítear an úsáid sin ar choinníoll go bhfanann an cion comhcheangailte *p*-ailliolalcocsaibeinséiní (meitileoigeanól, eistriogól, éilimicin, safról, míristicin, diolaipiól, agus aipiól) in ábhair bheatha agus i mbeatha chumaisc faoi bhun an chion a bheadh ann dá n-úsáidfí an breiseán beathaithe údaraithe, ina bhfuil an t-uaschion de na substaintí sin, ar a uaschion nó ar a uaschion molta i gcás an speicis ainmhíoch ábhartha nó na catagóire ainmhí ábhartha. Ina theannta sin, measann an Coimisiún gur cheart bearta cosanta iomchuí a dhéanamh chun éifeachtaí díobhálacha bláthola *citronella* ó *Cymbopogon nardus* (L.) Rendle ar shláinte úsáideoirí an bhreiseáin a chosc.

(7) Ós rud é nach gá na modhnuithe ar choinníollacha údaraithe na substainte lena mbaineann a chur i bhfeidhm láithreach ar chúiseanna sábháilteachta, is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le hidirthréimhse do pháirtithe leasmhara ionas gur féidir leo iad féin a ullmhú chun na ceanglais nua a eascraíonn as an údarú a chomhlíonadh.

(8) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Údarú

An tsubstaint a shonraítear san Iarscríbhinn, ar substaint í a bhaineann leis an gcatagóir breiseán 'breiseáin chéadfacha' agus leis an bhfeidhmghrúpa 'comhdhúile blaistithe', údaraítear í mar bhreiseán i gcothú ainmhithe faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Iarscríbhinn sin.

Airteagal 2

Bearta idirthréimhseacha

1. An breiseán beathaithe bláthola *citronella* ó *Cymbopogon nardus* (L.) Rendle, mar a údaraítear de bhun Threoir 70/524/CEE, agus réamh-mheascáin a bhfuil an breiseán sin iontu, nithe a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 11 Aibreán 2027 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 11 Deireadh Fómhair 2026, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic lena mbaineann ídithe.

2. Beatha chumaisc agus ábhair bheatha a bhfuil an breiseán beathaithe dá dtagraítear i mír 1 iontu, nithe a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 11 Deireadh Fómhair 2027 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 11 Deireadh Fómhair 2026, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic lena mbaineann ídithe i gcás ina mbeidh sé beartaithe iad a úsáid le haghaidh bia-ainmhithe.

3. Beatha chumaisc agus ábhair bheatha a bhfuil an breiseán beathaithe dá dtagraítear i mír 1 iontu, nithe a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 11 Deireadh Fómhair 2028 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 11 Deireadh Fómhair 2026, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic lena mbaineann ídithe i gcás ina mbeidh sé beartaithe iad a úsáid le haghaidh bia-ainmhithe iad.

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 18 Meán Fómhair 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

Uimhir aitheantais an bhreiseáin	Ainm an bhreiseáin	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse	Speiceas nó catagóir ainmhíoch	Uasteorainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údarúcháin
					mg de shubstaint ghníomhach/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
Catagóir: Breiseáin chéadfacha. Feidhmghrúpa: Comhdhúile blaistithe								
2b39-eo	Bláthola *citronella*	*Comhdhéanamh an bhreiseáin* Bláthola ó dhuilleoga *Cymbopogon nardus* (L.) Rendle Foirm leachtach *Saintréithriú na substainte gníomhaí* Bláthola *citronella*: Bláthola, mar atá sainithe ag Comhairle na hEorpa ([1]), a fhaightear ó dhuilleoga *Cymbopogon nardus* (L.) Rendle trí ghaldriogadh agus comhdhlúthú breise na gcomhábhar so-ghalaithe agus a scaradh ón bpas uiscí trí scinceáil. Uimhreacha CAS: 8000-29-1 ([2]) agus 89998-15-2 ([2]) EINECS: 289-753-6 ([2]) Uimhir FEMA: 2308 ([2]) Uimhir Chomhairle na hEorpa: 39 Sonraíochtaí: Ciotrónallal: 3-6 % Geréiniól: 15-23 % Ciotrónallól: 3-8,5 % Líomainéin: 7-11,5 % iseoigeanól (*E*)-meitile: 7-15 % Meitileoigeanól: ≤ 1 %	Turcaithe lena ramhrú	—	—	24,0	1. Déanfar an breiseán a ionchorprú sa bheatha i bhfoirm réamh-mheascáin. 2. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, sonrófar na dálaí stórála agus an chobhsaíocht i leith cóireáil teasa. 3. Ceadaítear bláthola *citronella* a úsáid go comhuaineach le breiseáin bheathaithe eile ar choinníoll go bhfanann an cion comhcheangailte *p*-ailliolalcocsaibeinséiní (meitileoigeanól, eistriogól, éilimicin, safról, míristicin, diolaipiól, agus aipiól) in ábhair bheatha agus i mbeatha chumaisc faoi bhun an chion a bheadh ann dá n-úsáidfí an breiseán beathaithe údaraithe, ina bhfuil an t-uaschion de na substaintí sin, ar a uaschion nó ar a uaschion molta i gcás an speicis ainmhíoch ábhartha nó na catagóire ainmhí ábhartha.	an 11 Deireadh Fómhair 2036
			Sicíní lena ramhrú agus mionspeicis éanlaithe clóis lena ramhrú	—	—	18,0		
			Gach éanlaith chlóis a thógtar le bheith ina mbéaróga nó le haghaidh pórúcháin	—	—	3,5		
			Éin ornáideacha	—	—	3,5		
			Gach éanlaith chlóis le bheith ina mbéaróga nó le haghaidh pórúcháin	—	—	3,5		
			Muca lena ramhrú	—	—	20,0		
			Muca de mhionspeicis *Suidae* lena ramhrú	—	—	20,0		
			Bainbh (diúil agus scoite) de gach *Suidae*	—	—	3,5		
			Gach *Suidae* le haghaidh atáirgeadh	—	—	6,0		
			Laonna lena ramhrú	6 mhí	—	20,0		
			Caoirigh agus gabhair lena ramhrú	—	—	20,0		

Uimhir aitheantais an bhreiseáin	Ainm an bhreiseáin	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse	Speiceas nó catagóir ainmhíoch	Uasteorainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údarúcháin
					mg de shubstaint ghníomhach/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
		Modh anailíse [3] Maidir le ciotrónallal (marcóir fíticeimiceach) sa bhreiseán beathaithe a chinneadh: — crómatagrafaíocht gháis in éineacht le brath ianúcháin lasrach (CG-BIL) (ISO 3849)	Caoirigh agus gabhair eile	—	—	9,5	4. I gcás úsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beatha nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as a n-úsáid. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú leis na nósanna imeachta agus na bearta sin, úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin le trealamh cosanta pearsanta don chraiceann, do na súile agus don análú.	
			Eallaí lena ramhrú; athchogantaigh eile lena ramhrú seachas caoirigh, gabhair agus laonna lena ramhrú suas le 6 mhí; *Camelidae* lena ramhrú	—	—	20,0		
			Gach athchogantach eile; gach *Camelidae* eile	—	—	6,0		
			Equidae	—	—	9,5		
			Leporidae lena ramhrú	—	—	20,0		
			Leporidae eile	—	—	3,5		
			Salmainidí agus mionéisc eite	—	—	30,0		
			Madraí	—	—	10,0		

Uimhir aitheantais an bhreiseáin	Ainm an bhreiseáin	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse	Speiceas nó catagóir ainmhíoch	Uasteorainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údarúcháin
					mg de shubstaint ghníomhach/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
			Cait	—	—	2,0		
			Speicis agus catagóirí eile	—	—	2,0		

([1]) *Natural sources of flavourings - Report No. 2* [Foinsí nádúrtha blastán - Tuarascáil Uimh. 2] (2007).
([2]) Anseo, ní thagraíonn sé ach don bhláthola ó dhuilleoga *Cymbopogon nardus* (L.) Rendle.
([3]) Tá sonraí faoi na modhanna anailíse le fáil ar shuíomh na Saotharlainne Tagartha ag an seoladh seo a leanas: https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eurl-fa-eurl-feed-additives/eurl-fa-authorisation/eurl-fa-evaluation-reports_ga.